



Office of An Coimisinéir Teanga

Report under subsection 26(5) of the Official Languages Act
2003

to the Houses of the Oireachtas

on

the implementation of the recommendations of an investigation
conducted under subsection 21(c) of the Official Languages Act 2003

Westmeath County Council

December 2013

CONTENTS

- CHAPTER 1** – Background
- CHAPTER 2** – Summary of the Investigation
- CHAPTER 3** – The Investigative Process
- CHAPTER 4** – The Next Step

- APPENDIX A** – Investigative Report
- APPENDIX B** – Correspondence from Westmeath County Council

CHAPTER 1 – Background

In accordance with subsection 26(5) of the Official Languages Act 2003, I am permitted, as Coimisinéir Teanga, to lay a report before both Houses of the Oireachtas if I am of the opinion that a public body did not implement any part of the recommendations contained in a report on an investigation I had undertaken.

This report concerns an investigation relating to Westmeath County Council which my Office completed during 2011. This investigation related to the manner in which Westmeath County Council failed to satisfactorily implement certain statutory commitments confirmed in its language scheme. The report on the investigation is provided as **APPENDIX A** to this report.

After a reasonable period of time has passed and having completed the appropriate enquiries, I have reached the conclusion that Westmeath County Council has failed to implement certain recommendations made by the investigation.

As Coimisinéir Teanga, I am charged with taking all necessary measures under the powers granted to me to ensure that public bodies comply with the provisions of the Official Languages Act 2003. I also have the authority to conduct an investigation to determine if a public body has complied with the provisions of any other enactment relating to the status or use of an official language.

In any case where an investigative report is issued, it is emphasised that any party to the investigation, or any other person affected by the findings and recommendations of the investigation, may appeal the matter to the High Court on a point of law. No such appeal was made in respect of either of the investigations which are the subject of this report.

After a reasonable period of time has passed, it is common practice for my Office to review the manner in which public bodies have implemented the recommendations which arose from any investigation. Throughout this process, an opportunity is granted to the public body to give an account of the manner in which the recommendations were implemented.

During 2012, my Office reviewed the manner in which Westmeath County Council was implementing the recommendations made in the investigative report. During that process Westmeath County Council stated that it was implementing that part of the recommendations relating to the provision of

printed material in Irish. However the Council confirmed that it did not intend to implement the recommendations I had made relating to the provision of a bilingual website. It is on that basis that this report is being placed before both Houses of the Oireachtas.

CHAPTER 2 – Summary of the Investigation

Section 21(a) of the Official languages Act requires that I monitor the way in which public bodies implement provisions of the Act. In fulfilling that duty, my Office audited the implementation of Westmeath County Council’s language scheme. That audit found that certain commitments specified in the language scheme were not satisfactorily implemented by the County Council. After attempts by my Office to reach an agreement in relation to the unfulfilled commitments had failed, I decided to conduct an official investigation on the matter. A copy of the investigative report is made available as **Appendix A** to this report.

The Council accepted that it had not met objectives 3.1.1, 3.13, 3.42 and 3.43 of its scheme and indicated that the failure was a consequence of the current economic climate. As regards its commitment that all material would be published simultaneously in Irish and English on its website, the Council said: *“I ask you to note that the Council does not have the capacity within its own staff to translate large portions of information or substantial documents into Irish to a satisfactory standard and therefore it is obliged to spend financial resources contracting translation services to fulfil this function.”* (trans.)

As a solution to the problem, the Council said that it considered using *“Google Translate to facilitate the publication of the entire website in Irish.”* (trans.) However, the Council accepted that there were *“grammatical inaccuracies with Google Translate.”* (trans.) The Council also suggested that if it succeeded in recruiting a suitably qualified graduate under a FÁS scheme, it would then focus on the translation of forms and leaflets and the translation *“on a phased basis of the website.”* (trans.)

The investigation did not accept that it would be a significant improvement to use Google Translate to create an Irish version of the website. This system is not yet sufficiently advanced to allow accurate translation of official information into Irish – indeed because of its deficiencies, it might add insult to injury to those seeking service through Irish. Neither would it be realistic to rely solely on the possibility that the FÁS Work Placement scheme would provide a graduate with the necessary qualifications to undertake the work required on the forms or on the website.

The Council undoubtedly had difficulties in relation to financial and staffing constraints, but this did not leave it in a position where it could simply disregard its statutory language obligations as if they did not exist.

The investigation found that the Council failed to comply in a satisfactory manner with its obligations under subsection 18(1) of the Official Languages Act 2003. It recommended that a phased plan be set out to ensure that application forms, brochures and information leaflets would be bilingual within a reasonable timeframe. In order to reduce costs, it suggested that the Council consult other local authorities, who already had such documents in Irish or bilingually, and that permission be sought to draw upon their work.

It was also recommended that a work plan be prepared for making the website bilingual and that this plan should be executed on a phased basis.

CHAPTER 3 – The Audit Process

Once a reasonable period of time has passed from the date on which an investigative report has been issued, my Office examines the manner in which the public body has implemented the recommendations made by the investigation. During this process, the public body is afforded the opportunity to provide an official response as regards the steps it has taken to date to implement the investigation's recommendations.

This Office wrote to Westmeath County Council in mid-August 2012 requesting details as to how the recommendations made in the investigative report were being implemented. That communication was responded to in September 2012. Subsequently it was clarified that a schedule attached to the response contained an error and a corrected schedule was made available in October 2012. A copy of that communication and the correct schedule is made available as **Appendix B**.

In summary, the Council stated the following to my Office:

- A list of 43 application forms, that the Council intended to make available in Irish by September 2012, was made available. It was confirmed that these forms would be made available in hard copy and in electronic format.
- Staff were reminded of the requirement to make brochures and information leaflets available in bilingual format on the renewal of stock. No such material was made available bilingually from the time the investigative report was issued, however.
- The Council claimed that the website was bilingual although the Google Translate facility was being used achieve this.

I had clearly stated in the investigative report that the Google Translate facility was not acceptable as means to accurately translate content on the website. It was clear to me that despite the progress the Council had made in relation to application forms that the recommendation relating to the development of a bilingual website was being ignored.

As is the case with any investigative report that I issue, any party to the investigation or any other person affected by the findings or recommendation has a right of appeal to the High Court on a point of law. Westmeath County Council did not avail of that right but also chose not to implement certain statutory recommendations that I had made.

CHAPTER 4 – The Next Step

As Coimisinéir Teanga, it is my responsibility to take all necessary measures within my sphere of authority to ensure that public bodies comply with the provisions of the Official Languages Act. This is achieved by monitoring public bodies, providing advice to the public regarding their rights under the Act, and providing advice to public bodies regarding their obligations under the Act.

When it appears to me that public bodies may be neglecting their obligations under the Official Languages Act or under other enactments relating to the status or use of Irish, I have the authority to initiate an investigation on the matter.

The report issued by me at the conclusion of an investigation contains both findings and recommendations. The public body in question is obliged to implement those recommendations within a reasonable period of time, or within a specific period of time as may be set out in the recommendations. Any party to an investigation under the Act or any other person affected by my findings and recommendations following such an investigation has the right to make an appeal to the High Court on a point of law.

No such appeal was undertaken in the case of the investigation that is the subject of this report. Once a reasonable period of time had passed from the issuing of the investigative report, my Office examined the measures undertaken by Westmeath County Council to implement the various recommendations. During this process, the public body was afforded the opportunity to respond in respect of the implementation of those recommendations. A copy of that response is attached as appendices to this report.

After reviewing the case in its entirety, I believe that an important recommendation made in the investigative report has not been appropriately implemented by Westmeath County Council and I cannot, under the powers granted to me, undertake any additional measures to impress upon them to do so.

It is on that basis that I lay this report before both Houses of the Oireachtas.

It falls to the Houses of the Oireachtas to take whatever additional measures they deem appropriate.

APPENDIX A

Tuarascáil faoi alt 26 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar

**Imscrúdú faoi fho-alt 21(c) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar chur i gcrích
fo-alt 18(1) den Acht sin**

**Comhairle Contae na hIarmhí
IM-606A**

Ábhar an Imscrúdaithe

Ar sháraigh Comhairle Contae na hIarmhí an dualgas reachtúil teanga atá daingnithe i bhfo-alt 18(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 maidir le cur i bhfeidhm a scéim teanga chomh fada is a bhaineann sé le míreanna 3.1 agus 3.4 den scéim sin a bhaineann le foirmeacha iarratais, bróisiúir agus bileoga eolais agus an láithreán gréasáin a sholáthar i nGaeilge/dátheangach?

CLÁR

CAIBIDIL 1 – Cúlra	lch 3
CAIBIDIL 2 – Cás Comhairle Contae na hIarmhí	lch 6
CAIBIDIL 3 – Osradharc Ginearálta ar an Imscrúdú	lch 10
CAIBIDIL 4 – Tuarascáil, Fionnachtana agus Moltaí	lch 11
CAIBIDIL 5 – Achomhairc chuig an Ard-Chúirt	lch 12
CAIBIDIL 6 – Tuairimí á Lorg	lch 13

AGUISÍN A

CAIBIDIL 1

Cúlra

Daingníodh scéim teanga Comhairle Contae na hIarmhí faoi alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla agus tháinig sí i bhfeidhm ar 1 Deireadh Fómhair 2007. Faoi fho-alt 14(3) den Acht, fanann forálacha na scéime i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta a dhaingníonn an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta í nó go dtí go mbíonn scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

De réir fho-alt 18(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí, Comhairle Contae na hIarmhí san áireamh, a chinntiú go rachfar ar aghaidh le scéim teanga atá daingnithe faoin alt seo a chur i gcrích. Seo a leanas mar atá an mhír sin den Acht:

18(1) “I gcás ina ndaingneoidh an tAire scéim faoin Acht seo, rachaidh an comhlacht poiblí ar aghaidh leis an scéim a chur i gcrích.”

Tá sé i measc feidhmeanna an Choimisinéara Teanga faoi alt 21 den Acht “*faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta seo ag comhlachtaí poiblí*” agus “*gach beart riachtanach atá faoi réim a údaráis nó a húdaráis a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh comhlachtaí poiblí forálacha an Achta seo.*”

Mar chuid d’fheidhm faireacháin m’Oifige, rinneadh iniúchadh ar chomhlíonadh an dualgais faoi fho-alt 18(1) den Acht i gcás scéim teanga Comhairle Contae na hIarmhí ag deireadh na tréimhse trí bliana den scéim.

De thoradh an phróisis sin, bhí an cosúlacht ann nár cuireadh gealltanais ar leith de chuid na scéime teanga sin i bhfeidhm.

Ba iad seo a leanas na gealltanais a raibh amhras faoina gcur i ngníomh:

“Cuspóir 3.1 Doiciméidach i Scríbhinn/Cumarsáid/Foirmeacha Iarratais

3.1.1 Tairgfear gach foirmeacha iarratais a fhoilseoidh an Chomhairle i mBéarla agus i nGaeilge araon agus beidh tábhacht comhionann ag an dá leagan.

Foilseofar foirmeacha iarratais laistigh d’aon chlúdach amháin ach amháin mura mbeidh sin indéanta mar gheall ar mhéid, ar nádúr nó ar leagan amach an doiciméid.

3.13 Cuirfear bróisiúir agus bileoga eolais reatha a tháirgeann an Chomhairle ar fáil go dátheangach nuair a dhéanfar an stoc a athnuachan.

“Cuspóir 3.4 Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide

3.4.2 Beidh láithreán gréasáin na Comhairle, lena n-áirítear gach seirbhís idirghníomhach nua agus reatha dátheangach agus féadfar athrú idir teangacha ar an láithreán gréasáin.

3.4.3 Foilseofar gach ábhar ar an láithreán gréasáin go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.”

Rinne m’Oifig iarracht cás na ngealltanais a raibh amhras faoina gcur i ngníomh a réiteach leis an gComhairle le linn an phróisis fhaireacháin agus iniúchta ach níor éirigh leis na hiarrachtaí sin comhréiteach a aimsiú.

Nuair nár éirigh le m’Oifig an cheist seo a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil, ní raibh de rogha agam ach imscrúdú foirmiúil a sheoladh faoi réir na ndualgas atá orm agus na gcumhachtaí atá tugtha dom go reachtúil.

I measc na bhfeidhmeanna atá tugtha dom mar Choimisinéir Teanga i bhfo-alt 21(c) den Acht, tá:

“imscrúduithe a dhéanamh, cibé acu ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, ar iarraidh ón Aire nó de bhun gearán a bheidh déanta leis nó léi ag aon duine, maidir le haon mhainneachtain ag comhlacht poiblí forálacha an Achta seo a chomhlíonadh, ar mainneachtain í ar dóigh leis nó léi nó, de réir mar is cuí, leis an Aire, gur féidir gur tharla sí”.

Leagtar amach go reachtúil in ailt 23-29 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla an córais le himscrúduithe a sheoladh. Leagtar amach freisin na cumhachtaí atá bronnta orm mar Choimisinéir Teanga, ina measc:

“Chun críche a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo, féadfaidh an Coimisinéir a cheangal ar aon duine a bhfuil, i dtuairim an Choimisinéara, faisnéis aige nó aici, nó a bhfuil cumhacht nó rialú aige nó aici ar thairfead nó ar rud, a bhaineann leis na críocha réamhráite, aon fhaisnéis, tairfead nó rud den sórt sin a thabhairt don Choimisinéir agus, más cuí, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine freastal os a chomhair nó os a comhair chun na críche sin, agus comhlíonfaidh an duine an ceanglas.” – Fo-alt 22(1)(a) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla.

An tImscrúdú

Bheartaigh mé imscrúdú a sheoladh ar 11 Aibreán 2011 de réir an nóis imeachta atá leagtha amach chuige sin in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Theastaigh uaim a chur ó amhras go raibh nó nach raibh Comhairle Contae na hIarmhí ag sárú an dualgais reachtúil teanga atá daingnithe i bhfo-alt 18(1) den Acht maidir le cur i gcrích na míreanna cuí dá scéim teanga.

Ba é an nós imeachta a bheartaigh mé don chéad chéim den imscrúdú ná litir a sheoladh chuig an mBainisteoir Contae ag lorg eolais ar leith, freagraí ar cheisteanna ar leith, chomh maith le haon fhaisnéis, tairfid nó rud den sórt sin a bhain le hábhar an imscrúdaithe.

D'iarr mé go gcuirfí an t-eolas cuí sin ar fáil faoin 7 Bealtaine 2011 agus thairg mé deis ar shoiléiriú ar aon ghné de riaradh an imscrúdaithe trí theagmháil le m'Oifig. Tar éis di síneadh ama a lorg, tháinig freagra ón gComhairle mar aon le hábhar tacaíochta i litir dar dáta 23 Bealtaine. Tá an litir sin ag **AGUISÍN A** leis an tuarascáil seo.

Tá dualgas orm mar Choimisinéir Teanga in aon chás ina seolaim imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, (agus i gcás ina ndéantar gearán liom, faoi bhráid an ghearánaigh), maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadam aon mholtaí is cuí ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil.

Tugadh aird chuí ar a raibh le rá ag Comhairle Contae na hIarmhí in ullmhú leagan críochnúil na tuarascála seo.

CAIBIDIL 2

Cás Chomhairle Contae na hIarmhí

Ina bhfreagra den 23 Bealtaine 2011, ghlac an Chomhairle leis nár chomhlíon sí cuspóirí 3.1.1, 3.13, 3.42 agus 3.43 dá scéim teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Thug sí le fios le fios gur de bharr na timpeallachta eacnamaíochta agus airgeadais reatha a ba chúis leis an teip seo:

Mar a dúirt mé cheana, tá an Chomhairle an-airdeallach ar a cuid oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus ar na gealltanais a rinneadh sa Scéim Teangacha Oifigiúla a glacadh in 2007. Mar sin féin, chuir an timpeallacht eacnamaíochta agus airgeadais reatha srianta móra ar an gComhairle maidir le hacmhainní daonna, agus, go bunúsach, acmhainní airgeadais, rud a fhágann go bhfuil sé beagnach dodhéanta ár n-oibleagáidí a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go tráthúil.

Glacann an Chomhairle leis nár chomhlíon sí a scéim Teangacha Oifigiúla féin (cuspóirí 3.1.1, 3.13, 3.42 agus 3.43) faoi 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Thug an Chomhairle cur síos don imscrúdú ar an méid a bhí beartaithe faoi na míreanna éagsúla:

Cuspóir 3.1 Doiciméadach i Scríbhinn/Cumarsáid/Foirmeacha Iarratas

Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar liosta iomlán foirmeacha iarratais agus bileoga eolais agus aird sonracha á tabhairt cibé an bhfuil aistriúcháin Ghaeilge ar fáil. Tá sé beartaithe athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na foirmeacha iarratais sa amach i 2011 le súil is an méid seo a leanas a dhéanamh:

- *Foirmeacha iarratais agus bileoga eolais a chomhdhlúthú agus a shimpliú le go mbeidh siad níos éasca don chustaiméir a thuiscint agus a úsáid*
- *Deireadh a chuir le dúbláil*
- *Aistriúchán cuimsitheach a dhéanamh ar na foirmeacha agus bileoga eolais go léir.*

Thug an Chomhairle liosta de na foirmeacha iarratais a bhí aitheanta go dtí seo. Tá an liosta sin mar AGUISÍN B leis an tuarascáil seo. Thug an Chomhairle le fios go mbíonn an t-athbhreithniú seo ar bun go leanúnach agus ghlacadh leithscéal nár thosaigh sé go dtí an tráth sin:

Tá aiféala orm nár tosaíodh ar an athbhreithniú seo go dtí an tseachtain seo, mar gheall ar an Oifigeach Gaeilge a bheith as láthair. Cuirfear an liosta cuimsitheach seo, chomh maith le dearbhú ar an teacht a bheidh ar aistriúcháin Ghaeilge, ar aghaidh chugat tráth nach déanaí ná Dé Máirt 31 Bealtaine 2011.

Ní raibh an liosta nua ná an dearbhú sin faighte agus an tuarascáil seo á ullmhú ar an 20 Meitheamh 2011.

Thug an Chomhairle dearbhú go bhfuil “*teacht éasca ag cuntar phoiblí agus ar láithreáin gréasáin na Comhairle ar na foirmeacha iarratais go léir atá aistrithe agus ar fáil faoi láthair.*”

Maidir leis na foirmeacha nach bhfuil fáil orthu i nGaeilge i láthair na huaire, bhí an méid seo le rá ag an gComhairle:

I gcomhthéacs na srianta airgeadais reatha agus an moratorium atá forchurtha ar an tSeirbhís Phoiblí, níl an Chomhairle in ann na hacmhainní riachtanacha a infheistiú leis an gCuspóir seo a chomhlíonadh go hiomlán, bíodh sin trí fhoireann nua a earcú nó trí sheirbhísí aistriúcháin seachtracha a fháil. Mar sin féin, tá iarratas curtha isteach ag an gcomhairle iarchéimí a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha aige nó aici a earcú le dul ag obair ar Scéim Socrúcháin Oibre FÁS, chun an t-athbhreithniú seo ar fhoirmeachas iarratais agus ar bhileoga eolais a dhéanamh agus chun cleachtadh aistriúcháin críochnúil a dhéanamh ar na foirmeacha iarratais nach bhfuil ar fáil go dátheangach faoi láthair.

Rinne an Chomhairle cur síos ar an méid a bhí déanta go dtí seo faoin mhír **Cuspóir 3.4 Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide:**

Le linn 2008 d'aithin an Chomhairle go raibh 30 ‘príomh’ leathanach, ar láithreán gréasáin na Comhairle ag an am. Is éard a bhí sna príomhleathanaigh seo ná ceann-leathanaigh nó tús-leathanaigh ghréasáin maidir le gach ceann de príomh-theidil seirbhíse na Comhairle. Tá siad sin faoi iamh le hAguisín 2. Níor foilsíodh iad ina dhiaidh sin, mar rinneadh nuachóiriú cuimsitheach ar an láithreán gréasáin féin le linn 2010 agus seoladh é ag deireadh na bliana 2010. Tá liosta de na príomhleathanaigh sin in Aguisín 2 agus tá cóipeanna pdf de na príomhleathanaigh ag gabháil leo.

Maidir leis an gealltanais a bhí tugtha ag an gComhairle ina scéim teanga go bhfoilseofaí gach ábhar ar an láithreán gréasáin go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla, bhí an méid seo le rá ag an gComhairle:

Iarraim ort a thabhairt ar aird nach bhfuil sé d’acmhainn ag an gComhairle, laistigh dá hacmhainní daonna, codanna mór faisnéis nó doiciméid shuntasacha a aistriú go Gaeilge ar chaighdeán sásúil. Mar sin, ní mór di acmhainní a chaitheamh ar sheirbhísí aistriúcháin ar conradh leis an bhfeidhm seo a chomhlíonadh.

Thug an Chomhairle eolas don imscrúdú i dtaca le comhdhéanamh reatha an láithreán gréasáin, mar a bhí sé ag an 13 Bealtaine 2011:

- Tá 1629 leathanach ar an láithreán gréasáin

- Meastar go bhfuil thart ar 407,250 focal i bhformáid HTML ann. (Ní áirítear air sin doiciméid pdf is féidir a íoslódáil ón láithreán gréasáin, an t-iarratas ar Chuardach Pleanála Imlínigh, an t-iarratas ar Chlár na dTogthóirí agus bogearraí mapála.
- Rinneadh 121 nuashonrú ar ábhar ar an láithreán gréasáin ó mhí Eanáir 2011, rud is ionann le líon iomlán ionchasach nuashonruithe de 264 in 2011.
- Is €00.09 (le CBL san áireamh) an meánchostas aistriúcháin in aghaidh an fhocail atá ann, bunaithe ar shonraisc aistriúcháin a fuarthas le déanaí.
- Is thart ar €36,650.00 an costas measta a bhainfeadh leis an láithreán gréasáin atá ann anois a aistriú go hiomlán (ábhar HTML agus sin amháin).
- Is thart ar €20,000 an costas measta a bhainfeadh le doiciméid pdf is féidir a íoslódáil ón láithreán gréasáin a aistriú
- Measann an Chomhairle gur thart ar €5,940.00 an costas bliantúil leanúnach a bhainfeadh le nuashonruithe ar an láithreán gréasáin a aistriú (HTML agus sin amháin)
- Tá Catalóg na Leabharlainne agus iarratais maidir le Cáin Mhótair Ar Líne ar fáil i nGaeilge ar an láithreán gréasáin.

Mar a bhí ráite i gcás na bhfoirmeacha, thug an Chomhairle le fios nach raibh sé d'acmhainn aici na gealltanais a rinne sí i dtaca leis an láithreán gréasáin a chomhlíonadh:

I gcomhthéacs na srianta airgeadais reatha agus an moratorium ata forchurtha ar an tSeirbhís Phoiblí, níl an Chomhairle in ann na hacmhainní riachtanacha a infheistiú leis an gcuspóir seo a chomhlíonadh go hiomlán.

Mar réiteach na faidhbe, bhí an méid seo á mholadh ag an gComhairle:

Rinne an Chomhairle scrúdú ar úsáid a bhaint as Google Translate le foilseachán an láithreán ghréasáin go léir i nGaeilge a éascú. Glacann an Chomhairle leis go mbaineann míchruinnis ghramadaí le Google Translate. Mar sin féin, tá an Chomhairle den tuairim gurb ionann úsáid a bhaint as Google Translate lena chinntiú go mbeidh láithreán gréasáin na Comhairle ar fáil i nGaeilge agus feabhas suntasach ar an tseirbhís arna cur ar fáil agus ar an Scéim a chomhlíonadh.

Moladh chomh maith go mbeadh ar chumas an iarchéimí a bheadh súil ag an gComhairle a earcú faoi scéim FÁS roinnt oibre a dhéanamh ar an láithreán:

Ar an tslí chéanna, má éiríonn leis an gComhairle iarchéimí a mbeidh na cáilíochtaí oiriúnacha aige nó aici a earcú faoi Scéim Socrúcháin Oibre FÁS chun an t-athbhreithniú a dhéanamh ar na foirmeacha iarratais dá dtagraítear thuas, síneoidh an Chomhairle scóip an athbhreithnithe sin chuig aistriúcháin a dhéanamh ar an láithreán gréasáin ar bhonn céimnithe. Dhíreodh cleachtadh aistriúcháin den sórt sin ar an bpríomh-ábhar HTML ar dtús. Ba mhaith liom a rá go bhfuil fabhbanna ag baint leis an oibleagáid leanúnach maidir le faisnéis nuashonraithe a aistriú sa timpeallacht eacnamaíochta reatha.

CAIBIDIL 3

Osradharc Ginearálta ar an Imscrúdú.

Ní féidir a shéanadh ach go raibh an fhoclaíocht agus téarmaí na ngealltanais seo de chuid na scéime teanga atá i gceist san imscrúdú an-soiléir.

Is léir ó fho-alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla go bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí na gealltanais atá tugtha i scéim teanga a chur i gcrích. Mar seo a leanas atá an mhír sin:

“I gcás ina ndaingneoidh an tAire scéim faoin Acht seo, rachaidh an comhlacht poiblí ar aghaidh leis an scéim a chur i gcrích.”

Bhí, agus tá fós, na gealltanais ábhartha sa scéim teanga i bhfeidhm go reachtúil agus tá dualgas ar Chomhairle Contae na hIarmhí na gealltanais sin, a rinne an Comhairle iad féin ina scéim teanga, a chur i gcrích.

Is í fírinne an scéil ná gur theip ar an gComhairle an méid sin a bhaint amach, mar a d'admhaigh sí don imscrúdú, laistigh den sprioc-am a bhí leagtha síos go reachtúil sa scéim teanga. Níl na gealltanais curtha i bhfeidhm ina n-iomláine go fóill, ná aon socrú cuí á bheartú le cinntiú go gcuirfear i bhfeidhm iad mar atá dlite. Ní féidir a shéanadh, mar sin, go bhfuil sárú déanta ar fho-alt 18(1) den Acht sa chás seo.

Tuigimid go bhfuil deacrachtaí anois ann ó thaobh srianta airgeadais agus acmhainní foirne, ach ní fhágann sin gur féidir neamhaird iomlán a dhéanamh ar dualgais reachtúil teanga. Anuas ar sin, feictear don imscrúdú go bhfuil an-chuid den obair seo ar bun ag údarais áitiúla eile ar fud na tíre, agus go bhfuil an-chuid den ábhar céanna i gceist. D'fhéadfaí sábháil mhór a dhéanamh sa ghnó seo ach acmhainní a roinnt.

Ní ghlacann an imscrúdú leis gur feabhas suntasach a bheadh in úsáid 'Google Translate' le leagan Gaeilge den láithreáin gréasáin a chruthú. Níl cumas an chórais sin foirfe a dhóthain ag an bpointe seo le heolas oifigiúil a aistriú go Gaeilge – go deimhin féin, de bharr easnaimh an chórais sin i láthair na huair, d'fhéadfaí gur masla a bheadh ann dóibh siúd a bheadh ag lorg seirbhís trí Ghaeilge seachas a mhalairt. Ní féidir glacadh leis, ach an oiread, gur socrú réadúil a bheadh ann a bheith ag brath go hiomlán ar an tseans go mbeadh iarchéimí ar fáil leis na cáilíochtaí cuí faoi scéim Socrúcháin Oibre FÁS le tabhairt faoin obair seo.

Fágann sin, nach bhfuil de rogha agam ach cinnidh a dhéanamh gur theip ar an gComhairle a dualgais faoi fho-alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh go sásúil. Tá, dá bhrí sin, moltaí le déanamh agam leis an neamhghéilliúlacht sin a réiteach.

CAIBIDIL 4

Tuarascáil, Fionnachtana agus Moltaí

Tá dualgas orm mar Choimisinéir Teanga in aon chás ina seolaim imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, (agus i gcás ina ndéantar gearán liom, faoi bhráid an ghearánaigh), maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadaim aon mholtaí is cuí liom ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil.

Fionnachtain an Imscrúdaithe

Is í seo a leanas fionnachtain an imscrúdaithe:

- Gur sháraigh Comhairle Contae na hIarmhí an dualgas reachtúil teanga atá daingnithe i bhfo-alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 maidir le cur i bhfeidhm a scéim teanga chomh fada is a bhaineann sé le míreanna 3.1 agus 3.4 den scéim sin a bhaineann le foirmeacha iarratais, bróisiúir agus bileoga eolais agus an láithreán gréasáin.

Moltaí an Imscrúdaithe

Ag féachaint don imscrúdú, is iad seo a leanas na moltaí atá á ndéanamh agam mar Choimisinéir Teanga:

- (1) Go leagfar amach agus go gcuirfear i bhfeidhm plean céimnithe le cinntiú go mbeidh gach foirm iarratais de chuid na Comhairle ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach laistigh d'achar réasúnta ama.
- (2) Go mbeidh gach bróisiúir agus bileoga eolais reatha a tháirgeann an Chomhairle ar fáil go dátheangach nuair a dhéanfar an stoc a athnuachan feasta.
- (3) Go rachaidh an Chomhairle i dteagmháil le húdaráis áitiúla cuí eile a bhfuil bróisiúir, bileoga agus foirmeacha ullmhaithe i nGaeilge/dátheangach acu cheana féin lena gcead a fháil tarraingt ar a gcuid oibre siúd ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar chostais aistriúcháin agus eile.
- (4) Go leagfar amach agus go gcuirfear i bhfeidhm plean le cinntiú go dtabharfar faoin obair atá de dhíth le láithreán gréasáin dátheangach a chruthú.
- (5) Go mbeidh moltaí (1) go (3) thuas curtha i bhfeidhm laistigh de 6 mhí ó dháta na tuarascála seo.
- (6) Go mbeidh moladh (4) thuas curtha i bhfeidhm laistigh de 9 mí ó dháta na tuarascála seo.

CAIBIDIL 5

Achomhairc chuig an Ard-Chúirt

Meabhraítear anseo go bhfuil sé de cheart ag páirtí in imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, nó ag aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdaithe den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh. Is ceart a thabhairt faoi deara gur gá achomharc a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 seachtain tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a bheith tugtha don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc. Féach freisin I.R.14 de 2007.

Seo a leanas mar atá na forálacha sin d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

Fo-alt 28(1)

“Féadfaidh páirtí in imscrúdú faoin Acht seo nó aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh.”

Fo-alt 28(2)

“Déanfar achomharc faoi fho-alt (1) a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 sheachtain tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc.”

Fo-alt 28(3)(a)

“I gcás ina ndéanfaidh an Ard-Chúirt achomharc faoin alt seo ag duine, seachas ag ceann, a dhíbhe, féadfaidh an Chúirt sin, má mheasann sí gur ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis an bponc dlí lena mbaineann, a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais an duine i ndáil leis an achomharc, nó iad go léir, a íoc.”

Fo-alt 28(3)(b)

“Féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais duine, seachas ceann, i ndáil le tarchur faoin alt seo, nó iad go léir, a íoc.”

Fo-alt 28(4)

“Maidir le cinneadh ón Ard-Chúirt tar éis achomhairc faoi fho-alt (1), sonrófar ann, i gcás inar cuí sin, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don chinneadh.”

CAIBIDIL 6

Tuairimí á Lorg

Faoi fho-alt 26(4) d' Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, iarraim mar Choimisinéir Teanga ar Chomhairle Contae na hIarmhí aon tuairimí a bheadh aici maidir le fionnachtana agus moltaí atá ar áireamh sa tuarascáil seo a chur faoi mo bhráid, más mian léi sin a dhéanamh, laistigh de thréimhse 6 seachtain tar éis di an tuarascáil seo leis na fionnachtana agus na moltaí a bheith faighte aici.

Seán Ó Cuirreáin
An Coimisinéir Teanga

Dáta: _____

APPENDIX B

Colm Ó Coisdealbha
Bainisteoir Géillúlachta,
An Coimisinéir Teanga,
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe.

26 Meán Fómhair 2012

Tag: Imscrúdú IM-606A

A Chara,

Tagraim do do litir dar dáta an 31 Lúnasa 2012. Faoi iamh tá freagra ar an litir sin.

Gabhaim leithscéal nár fhreagair mé faoin 21 Meán Fómhair 2012, bhí mé ar saoire go luath sa mhí.

Mise le meas



Billy Coughlan
Seirbhísí Corparáide

- 1 Féach Aguisín 1 atá ag gabháil leis seo
- 2 Tá gach foirm aistriúcháin ar fáil i gcruachóip agus go leictreonach agus beidh na foirmeacha atá á n-aistriú faoi láthair ar fáil san fhormáid sin chomh maith.
- 3 Rinneadh iniúchadh ar fhoirmeacha agus fuarthas meastacháin ó sheirbhísí aistriúcháin creidiúnaithe i ndiaidh dúinn plé a dhéanamh le hÚdarás Áitiúla máguaird faoin tslí a gcomhlíonann siadsan Acht na dTeangacha Oifigiúla.
- 4 Tá an fhoireann go léir curtha ar an eolas faoinár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla lena chinntiú go bhfoilseofar bróisiúir agus bileoga eolais go dátheangach nuair a dhéantar an stoc a athnuachan.
- 5 Ceann ar bith
- 6 Láithreán gréasáin dátheangach atá againn.
- 7 Baintear úsáid as 'Google translate' mar chóras aistriúcháin, go dtí go bhfaighfear córas agus acmhainní níos fearr.

	Tag: Investigation IM-606A	
	APPENDIX 1	
RF111A	Goods Only Declaration	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Discharge Licence to Waters & Sewer application	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Application for Air Emission Licence -Air Pollution Act	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Application to reconsider prosecution of litter fine	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Casual Trading Application form	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Form of Commencement Notice for Development	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Planning Enforcement Complaint Form	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Application form to have development taken in charge by Westmeath County Council	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Application Form for Disability Access Cert	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Section 5 Application (Exempted Development)	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Section 57 Declaration Application Form	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Community & Voluntary Forum Affiliation Form	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Application for reduction in fire charges	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Pride of Place Schools	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Tidy Towns Grants	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Cathaoirleach Awards	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Blank Rates DD Mandate	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
C/740	Juvenile Membership	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
C/750	2nd Level Student Membership	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Book Request Service	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Juvenile Internet Permission	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	School Hire Form	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Application for Permit to Connect to Surface Water System	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Permit to make a connection to Public Sewer	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Application for Permit to Connect to Public Sewer	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Permit to make a connection to Public Watermain	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Application for Licence for Openings to Roads, Footpaths & Verges (for lengths not exceeding 100m)	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Water Connection Application Form	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Application / Renewal of Resident Parking Permit	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Application for Replacement of Residents Parking Permit	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Application to reconsider prosecution of Traffic Fine	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Pre-Planning Meeting Request Form	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012
	Application Form for a Casual Trading Licence	A aistriú 26 Meán Fómhair 2012

	Housing Transfer Application Form	Aistriú agus ar fáil ar láithreán gréasáin WCC
	Tenant Purchase Application Form	Aistriú agus ar fáil ar láithreán gréasáin WCC
	Rental Accommodation Scheme - Application form for Tenant	Aistriú agus ar fáil ar láithreán gréasáin WCC
	Rental Accommodation Scheme - Landlord Expression of Interest	Aistriú agus ar fáil ar láithreán gréasáin WCC
	Housing Adaptation Grant for People with a Disability - Application Form	Aistriú agus ar fáil ar láithreán gréasáin WCC
	Housing Aid for Older People - Application Form	Aistriú agus ar fáil ar láithreán gréasáin WCC
	Amendment to Application for Housing Assistance	Aistriú agus ar fáil ar láithreán gréasáin WCC
	Mobility Aid - Grant Scheme Application Form	Aistriú agus ar fáil ar láithreán gréasáin WCC
	Rent Assessment Form	Aistriú agus ar fáil ar láithreán gréasáin WCC
	Request for Standing Order Deduction	Aistriú agus ar fáil ar láithreán gréasáin WCC